



An Coimisiún
Eorpach

BUISÉAD AE: DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope



Meitheamh 2018

AN CISTE EORPACH MUIRÍ AGUS IASCAIGH



Is dual d'éiceachórais agus do dhúshláin mhuirí an ghné dhomhanda. Ní fhanann stoic éisc ná truailleú plaisteach laistigh de limistéar farraige amháin. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas Eorpach gníomhú sa bhaile agus i gcéin chun úsáid inbhuanaithe ár bhfarraigí a chosaint, a chaomhnú agus a chinntiú. Ag obair as lámh a chéile lenár n-iascairí agus lenár dtionscail nuálacha mhuirí, is féidir linn na haigéin a thabhairt ar ais chun folláine.

Karmenu Vella, Talamháocht, Gnóthaí Muirí agus Iascach

CAD É AN RUD É?

Tacaíonn an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) le hearnáil iascaigh agus mhuirí inbhuanaithe a bheith ann san Aontas, chomh maith le ról an Aontais mar cheannaire idirnáisiúnta i ndáil le bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan.

CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Clúdaíonn an fharraige níos mó ná dhá thrian dár bpláinéad agus tá an acmhainn inti dlús a chur leis an bhfás eacnamaíoch, le cruthú post agus leis an rathúnas. Déanann gníomhaíochtaí mhuirí amhail an t-iascach, an do Bharshaothrú, an turasóireacht chósta, fuinneamh na n-aigéin, an bhiteicneolaíocht 'ghorm' agus gníomhaíochtaí mhuirí eile leas na bpobal le cósta agus tá siad ina ndlúthchuid de chreatlach shóisialta shaibhir réigiúin mhuirí na hEorpa.

Mar sin féin, ní mór go ndéanfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.



CÉ NA CINEÁLACHA GNÍOMHAÍOCHTA A dtACÓFAR LEO?

In CEMI iar-2020, díreofar ar cheithre thosaíocht:

- > **An t-iascach inbhuanaithe** agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú;
- > Rannchuidiú leis an tslándáil bia san Aontas Eorpach trí **iascach, do Bharshaothrú agus margai atá inbhuanaithe iomaíoch**;
- > A fhágáil gur féidir **geilleagar gorm inbhuanaithe** a fhás agus pobail chósta rathúla a chothú;
- > **Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan** a neartú, agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a chinntiú a mbeidh bainistiú inbhuanaithe á dhéanamh orthu.



CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Leagtar síos sa togra maidir le buiséad fadtéarmach uileghabhálach an Aontais Eorpaigh go leanfar le tacaíocht a thabhairt do bheartais iascaigh agus mhuirí.

Is ionann an buiséad atá beartaithe le haghaidh CEMI do na blianta 2021 go 2027 agus **EUR 6.14 billiún** i bpragsanna reatha. Déantar acmhainní CEMI a roinnt, den chuid is mó, idir bainistíocht chomhroinnte agus bainistíocht dhíreach.



GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

- **Simplíú agus rogha níos leithne do na Ballstáit** le gur féidir leo tacaíocht a spriocdhíriú ar a dtosaíochtaí straitéiseacha, seachas rogha a dhéanamh idir gníomhaíochtaí éagsúla atá incháilithe.
- **CEMI a chur níos fearr de réir cistí struchtúracha agus infheistíochta eile an Aontais.** Leagtar amach rialacha atá infheidhme maidir leis na cistí ar fad i 'Rialachán na bhForálacha Coiteanna'.
- **Béim bhreise ar thorthaí.** Mar shampla, ní bhfaighidh iascairí maoiniú ach amháin má léiríonn siad gur chuidigh siad le cuspóirí caomhnaithe an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach.
- Béim bhreise ar **iascairí cósta ar an mionchóir** ar mhaithe le cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a chur chun cinn.
- Níos mó tacaíochta agus **tacaíocht níos leithne do phobail chósta.** I gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020, déanfar tacaíocht do chomhpháirtíochtaí áitiúla a leathnú chun earnálacha uile an gheilleagair ghoirm a chlúdach.
- **Sineirgíochtaí le beartais eile de chuid an Aontais a threisiú,** e.g. rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus leis an straitéis Eorpach maidir le plaistigh i ngeilleagar ciorclach.
- Tacaíocht d'**aigéin atá sláintiúil, sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu.** Den chéad uair, tabharfaidh CEMI tacaíocht do ghealltanais agus cuspóirí idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, beidh maoiniú ar fáil d'fhaireachas muirí agus don chomhar i measc gardaí cósta.



CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

Lasmuigh de CEMI, tá sineirgíochtaí ann cheana le roghanna eile maoinithe san Eoraip, e.g.:

- **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** le haghaidh infheistíochtaí in earnálacha a bhaineann leis an bhfás gorm agus le straitéisí imchuach farraige
- **Ciste Sóisialta na hEorpa** chun scileanna a fhorbairt in earnáil an iascaigh agus san earnáil mhuirí araon
- **an Creatchlár um Thaighde agus um Nuálaíocht** mar shampla, trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun tástáil a dhéanamh ar sheifteanna nuálacha maidir leis an bhfás gorm agus iad a chur i bhfeidhm
- **an ionstraim INVESTEU** a d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith aici maidir le hionstraimí airgeadais a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'ardán infheistíochta spriocdhírthe le haghaidh an gheilleagair ghoirm.